Dlúth agus Inneach Ghaelscoil an Chaistil.

Is scoil lán-Ghaelach í Gaelscoil an Chaistil atá comhdhéanta le Naíscoil an Chaistil agus Bunscoil an Chaistil ar aon.

Is iad príomhaidhmeanna Ghaelscoil an Chaistil:

go raibh Gaeloideachas d'ardchaighdeán, a sholáthar do gach páiste ó achan chineál chúlra a ba mhian lena t(h)uismitheoirí léi/leis freastal ar an scoil ina mbeadh tábhacht an tuismitheora (nó a n-ionadaí) aitheanta.

go raibh í an Ghaeilge ina teanga bheo taobh istigh agus taobh amuigh de na ranganna agus go raibh í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile ag gach leibhéal idir, teagasc, súgradh agus bainistíocht agus le grúpaí eile nach iad.

go raibh deiseanna seach-churaclam idir spóirt, dráma, ceoil, comórtais agus turais ar fáil.

go raibh an scoil mar bhunchloch athbheochain na Gaeilge i mBaile an Chaistil agus sna ceantair máguaird.

Dúnghaois na Gaeilge – Gaelscoil an Chaistil

Is í an Ghaeilge teanga labhartha na scoile.
Ós scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil an Chaistil tabharfar túsáit don Ghaeilge i ngach gné d'fheidhmhiú na scoile. Déantar gnó inmheánach na scoile trí mheán na Gaeilge (riarachán, teagasc, turasanna, imeachtaí iarscoile srl).
Bainfear úsáid as ainmneacha cearta Gaeilge na bpáistí agus na múinteoirí, as an aibítir Ghaeilge agus as an téarmaíocht chéanna fud fad an scoile agus déanfar iarracht tógáil go leanúnach ar obair an churaclaim ó bhliain go bliain.
Is Gaeil iad na baill foirne sa scoil seo agus mar sin de ba chóir go mbíonn sonraí pearsanta na mball foirne agus sonraí na scoile i nGaeilge in úsáid ag gach duine.

Is cúis na scoile ná go mbeidh na páistí in ann an Ghaeilge agus an Béarla a úsáid ar a oiread suímh agus is féidir leo mar sin féin tá sé de dhualgas ar gach baill foirne le cinntiú go bhfuil na gnásanna seo á leanúint ionas nach ndéantar neamairt ar fhorbairt na bpáistí.

Is í an Ghaeilge teanga labhartha agus cumarsáide na foirne.
Déanfar talamh slán de go mbíonn Gaeilge ag foireann iomlán na scoile, idir mhúinteoirí, runái, ghlantóirí, fheighlithe, stiúrthóirí clóis, srl;
Déantar teagasc na gceachtanna uile trí mheán na Gaeilge agus is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na múinteoirí agus na gcuntóirí.

Is í an Ghaeilge teanga labhartha na ndaltaí.
Déanfaidh na muinteoirí iarracht a chinntiú gurb í an Ghaeilge teanga chumarsaide s'acu féin is teanga na ndaltaí ó rang 1 ar

aghaidh agus gurb í amhain a labhróidh na páistí le chéile, bíodh siad istigh nó amuigh, i láthair na muinteoirí nó faoi stiúir sa chlós. Déantar seo trí mhisneach na ndaltaí a thógáil sa sprioctheanga agus iad a spreagadh le Gaeilge a labhairt, ní amháin leis an mhúinteoir ach lena chéile ach go háirithe. Aithníonn gach taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta gur buntáiste é a bheith dátheangach. Is é dátheangachas oidhreachtúil a bhíonn a chleachtadh i nGaelscoil an Chaistil. Tá dualgas ar gach ball foirne cuidiú le gach dalta an sprioc seo a bhaint amach. (Féach aguisín ar chlár feasachta teanga agus cultúr)

Is í an Ghaeilge teanga labhartha agus scríofa an tseomra ranga
Is í an Ghaeilge bunábhar na gceachtanna uile. Caithfidh achan mhúinteoir teanga chuí na n-ábhar ranga a fhoghlaim go leanúnach agus a bheith ag cur léi go rialta. Mura bhfuil an teanga ag an mhúinteoir ní bheidh sí ag an dalta. Bheimis ag dúil le lámhleabhar múinteora a chur le chéile le foclóir agus dóigheanna chun na hábhair a theagasc. Beidh muid ag cur leis seo fríd na blianta. Beidh ar an scoil leabharlann foclóirí a chur le chéile ina mbeidh daoine in ann teacht air mar thobar na Gaeilge. Beidh na hacmhainní seo i bhfoirm leabhar agus cláracha ríomhaire. Cuirtear an-bhéim i nGaelscoil an Chaistil ar labhairt na teanga. Is ó líofacht sa chaint a thiocfas bua na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Déantar seo fríd neart deiseanna comhrá a thabhairt do na daltaí – plé nuachta, plé ranga, díospóireachtaí, cuir i láthair srl.

Úsáid an Bhéarla
Teagasctar an Béarla mar ábhar gaelscoile ó Rang 3 ar aghaidh. Teagasctar ábhair eile ó am go chéile fríd mheán an Bhéarla ó Rang 4 ar aghaidh. Forbraítear scileanna trasteanga na bpáistí. Úsáidtear scileanna trasteanga ag barr na scoile fríd le barrthuiscint a chur ar fhoghlaim na bpáistí. Déantar seo fríd bun-ábhair a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ach go mbeidh ar na páistí tuairisciú ar an ábhar in aon teanga. Moltar go mbaineann daltaí úsáid as eolas ón Idirlíon le cur lena dtionscnaimh. Is cleachtas maith trasteangach é an t-ábhar sin a chur i láthair an ranga i nGaeilge.
Níor ghá Béarla a labhairt ach amháin le páiste i rang a haon a bhfuil anró de chineál inteacht air/uirthi agus go díreach leis an pháiste a shuaimhniú mura bhfuil go leor Gaeilge ag an dalta, nó i gcás éigeandála.

<u>Ag ceartú daltaí</u>
Nuair a chluintear mí-úsáid Ghaeilge ag dalta, caithfidh an múinteoir na hearráidí sin a cheartú fríd ghnáthcheachtanna an tseomra ranga. Is iondúil go mbíonn lorg an Bhéarla ar Ghaeilge na ndaltaí, ní rud neamhghnách é seo. Ba chóir éisteacht leis na daltaí i dtólamh agus nótaí a ghlacadh do na hearráidí sin agus an-iarracht a dhéanamh na leaganacha Gaeilge a chomhshnaidhmeadh isteach sna ghnáthcheachtanna sa seomra ranga agus béim a chur orthu siúd le linn an ranga uair sa tseachtain ar a laghad. Caithfidh foghraíocht an mhúinteora a bheith cruinn le go mbeidh foghraíocht na ndaltaí cruinn. Baintear feidhm as Fonaic na Gaeilge i nGaelscoil an Chaistil.

<u>Is í an Ghaeilge teanga labhartha na foirne/ndaltaí agus iad ar imeachtaí na scoile taobh istigh nó taobh amuigh de láthair na scoile.</u>

Labhróidh an múinteoir agus na daltaí i nGaeilge amháin le chéile.

<u>Seomra Ranga</u>
Bíonn muid ag dúil go labhróidh na paistí i nGaeilge 100% den am sa scoil seo. Bíonn tréimhse ann i Rang a hAon nuair a bheas abairtí

iomlána nó frásaí beaga Béarla in úsáid ag roinnt paistí. Bíonn muid ag dúil sa scoil seo go gcríochnaíonn an tréimhse seo sa chéad tearma (i ndiaidh sos na Samhna, de ghnáth a bhíonn muid ag dúil le Gaeilge uathu uilig).

Clós na Scoile

Ní labhraítear ach amhain i nGaeilge i gclós na scoile seo. Arís bíonn tréimhse i gceist le rang a haon nuair a mholtar (arís is arís eile!) gur fearr an Ghaeilge a úsáid i gcónaí. Ba chóir go mbeadh na himeachtaí súgartha ar an chlós faoi stiúir an mhúinteora/ stiúrthóra/ chúntóra le cinntiú go spreagtar an Ghaeilge mar theanga labhartha an chlóis. Tá sé tábhachtach go bhfuil na focail chuí ag na páistí agus iad ag súgradh.

Chuige sin caithfear cluichí a aimsiú agus a phleanáil chun na focail chuí a thabhairt do na páistí. Ba chóir go mbeadh imeachtaí an chlóis meallacach agus comhordaithe. Beidh ar gach oibrí clóis súgradh leis na páistí le caint nádúrtha na Gaeilge a éascú.

Is féidir feidhm a bhaint as daltaí sinsearacha na scoile, a bhfuil Gaeilge mhaith acu, leis na daltaí sóisearacha a spreagadh. Is deis labhartha Gaeilge í taobh amuigh den seomra ranga agus ba chóir an deis pleanáilte sin a thapú.

Muna bhfuil an dalta, a bhfuil Gaeilge mhaith aige, sásta í a úsáid caithfear pionós a íoc. Is é labhairt na Gaeilge príomhriail na scoile agus coinnítear daltaí nach bhfuil sásta í a labhairt istigh ag am sosa nó am lóin. Bíonn ar pháistí líntí a scríobh ag na hamanna seo. Tá freagracht ar gach ball foirne an riail seo a chur i bhfeidhm. Chuige sin, amhail le gach ábhar/eachtra eile scoile, beidh cuidiú tuismitheora de dhíth lena shocrú.

Is ról an Phríomhoide é (nó a ionadaí) a chinntiú go bhfuil na himeachtaí clóis curtha i bhfeidhm mar is cuí.

Halla Lóin

Bíonn páistí na gaelscoile le chéile do dhinnéar scoile. Bíonn Gaeilge ag na freastalaithe lóin agus níor chóir go mbeadh Béarla in úsáid. Moltar chomh maith go mbíonn Rang a hAon scaoilte thart ar na táblaí éagsúla go gcluinfidh siad na páistí eile ag labhairt Gaeilge.

Turais Scoile

Nuair a bhíonn muid amuigh ar thuras, srl. glactar leis go bhfuil na páistí a dhul a labhairt i nGaeilge le chéile an t-am ar fad. Bíonn muid ag iarraidh taispeáint chomh bródúil is atá muid as teanga s'againne. Labhrófar roghatheanga na ndaoine sin a mbuaileann leo, ach beannófar leo i nGaeilge.

Labhrófar roghatheanga chuairteoirí/thuismitheoirí

Ag cruinniú le tuismitheoirí/cuairteoirí nach bhfuil Gaeilge acu, is iondúil go n-úsáidtear roghatheanga an chuairteora/tuismitheora, ach beannófar le hachan chuairteoir i nGaeilge. Bíonn foireann na scoile ag dúil go ndéanann na tuismitheoirí iarracht an Ghaeilge atá acu a úsáid leo, nó cibé Gaeilge atá acu a úsáid sa seomra ranga, sa chlós, i gcruinniú, srl. Bíonn muid ag dúil go labhraíonn siad i nGaeilge, nó go spreagann siad an Ghaeilge le páistí s'acu. Cuirtear ranganna ar fáil agus glactar leis go mbíonn na tuismitheoirí ag freastal orthu. Mar chuid de chlár feasachta na scoile, cuirtear clár ar fáil do thuistí chun iad a spreagadh le cuidiú le páistí s'acu ar a dturas dátheangach.

Nuair a bhíonn ionadaithe fhoireann na scoile nó Bord Gobharnóirí na scoile i dteagmháil nó i gcruinniú le hionadaithe an Bhoird nó na Roinne déanfaidh muid cinnte go mbíonn ainmneacha Gaeilge in úsáid, litreacha dhátheangacha in úsáid, go mbíonn beannachtaí uainn, ó na páistí, srl. rompu i nGaeilge.

Bíonn muid ag dúil go mbíonn meas acu orainn mar fhoireann agus go bhfuil dearcadh oscailte acu faoin Ghaeilge.

Oibrithe le Gaeilge acu.

Bíonn muid ag dúil le hardchaighdeán Gaeilge ag baill foirne, agus ag ionadaithe Bhord Gobharnóirí na scoile. Caithfidh na páistí an teanga a fhoghlaim agus saibhreas is gráiméar na teanga a chothú iontu féin ach bíonn muid ag dúil le hardchaighdeán uathu agus iad in Eochairchéim a 2 go háirithe. Bíonn muid ag dúil fosta go mbíonn gramadach na teanga i gcónaí á cheistiú/a fhiosrú/a fheabhsú ag foireann na scoile is nach mbíonn aon náire orainn a leithéid a phlé le chéile.
Ba chóir go ndéanfaidh gach bhall foirne síorfheabhsú ar a gcuid Gaeilge. Déanfar é seo fríd idircheartú foirne idir chaint agus scríobh. Beidh gach duine ar bhonn chothrom san fháinne seo.

Is scoil fhoghlama í Gaelscoil an Chaistil, idir dhaltaí agus baill foirne. Tá tábhacht ar leith le cruinneas agus le saibhreas i labhairt agus scríbhneoireacht Ghaeilge na mball foirne, bíodh sé sin le daltaí, i litreacha chuig tuismitheoirí nó i gcaipéisí d'fhoireann bainistíochta na scoile. Ba chóir go gcinntíonn gach ball foirne go bhfuil an Ghaeilge atá in úsáid acu cruinn agus beacht.
Beidh ceist na Gaeilge i dtreo feabhsaithe a phlé ag cuid de na cruinnithe foirne.
Beidh an scoil ag iarraidh daoine idir chainteoirí líofa agus fhoghlaimeoirí a spreagadh le tuilleadh staideára a dhéanamh. Chuige sin déanfar iarracht ranganna nó/agus deontais a aimsiú le cuidiú.

Bíonn an-bhéim ar an chanúint s'againn féin anseo i gCúige Uladh. Ach féachtar chuige go mbíonn seans ag na páistí éisteacht leis (agus léamh) na canúinti eile sa tír s'againn.
Baintear úsáid as aibítir na Gaeilge sa ghaelscoil seo. Glactar leis go bhfuil múinteoirí úra sa scoil sásta seo a ghlacadh ar bord agus an aibítir a úsáid, agus a fhoghlaim más gá, sa seomra ranga.

Oibrithe nach bhfuil Gaeilge acu.

Duine ar bith atá ag obair sa/don scoil nach bhfuil an Ghaeilge acu, caithfidh siad aontú go bhfoghlaimeoidh siad an Ghaeilge mar chuid de ghnáthchoinníollacha a gcuid oibre agus nach n-úsáidfaidh siad teanga ar bith eile ach amháin i gcás éigeandála.
Ba chóir go ndéanfaidh an duine freastal ar ranganna Gaeilge le cur lena t(h)eanga. Déanfaidh an scoil iarracht cuidiú leis seo.
Ba chóir go dtabharfaí tréimhse bliana do dhuine nach bhfuil Gaeilge ar bith acu leis an bhunchomhrá a fhoghlaim. Mura ndéantar an méid sin, tabharfaidh athspléachadh ar choinníollacha conartha an oibrí agus déanfar athbhreathnú air dá réir.

Tionchar athbheochana
Deanfar iarracht tionchar dearfach a imirt ar an phobal idir thuismitheoirí/a n-ionadaí agus daoine nach iad ionas go mbeidh stádas agus úsáid na Gaeilge ag dul i bhfeabhas sa cheantar.

Is é an Príomhoide (nó a (h)ionadaí) a chaithfidh an dúnghaois seo a chur i bhfeidhm agus a choimhéad ar son na nGobharnóirí.
Ba chóir athbhreathnú a dhéanamh ar an dúnghaois seo go bliantúil.

Aguisín ar dhúnghaois Ghaeilge na scoile

Dúnghaois fheasachta teangacha agus chultúir
Gaelscoil an Chaistil.
(Taobh na Scoile don Chlár '*Ag Foscailt Doirse'.)*

Tá an dúnghaois seo bunaithe ar an phrionsabal go bhfuil cúiseanna agus eolas de dhíth ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt.

Ní teanga riachtanach í an Ghaeilge sa lá atá inniu ann - is teanga í an Ghaeilge a roghnaíonn daoine a labhairt.

Más amhlaidh gurb í ***dlúth agus inneach*** na scoile go raibh an scoil mar '***bhunchloch athbheochain na Gaeilge i mBaile an Chaistil agus sna ceantair máguaird***'' tá orainn na páistí a chur ar an eolas fríd clár feasachta a chur ar fail.

Is é samhailchomhartha na hoibre seo ná 'An Stól Tríchosach' is é sin nach dtig le stól nach bhfuil ar a laghad trí chos faoi seasamh.

Is sin mar atá sé le Gaeilgeoir gníomhach, tá trí achar eolais agus tacaíochta de dhíth orthu.

Seo iad na hachair;

an ábaltacht labhartha (líofacht);
dea-eiseamláir a fháil;
eolas a bheith acu

Curtha go símplí – go roghnóidh duine an teanga mar chuid lárnach dá s(h)aol amach anseo tá níos mó na líofacht de dhíth!

Na trí Chos mínithe

1. **Líofacht:**

- Ar ndóigh tá seo iontach follasach ach cad is líofacht ann? Bhuel, tá líofacht scoilte ina dá leath.
    - tuiscint neamhghníomhach – tuigeann an dalta thú insan teanga
    - cumarsáid idirghníomhach – déanann an dalta teagmháil iomlán le daoine eile fríd an teanga.

- Is iad na bunscileanna atá de dhíth insan teanga leis seo a bhaint amach (curtha in ord forbartha)
    - scileanna tuisceana
    - scileanna comhrá
    - scileanna léitheoireachta
    - scileanna scríbhneoireachta
    - cruinneas
    - úsáid ardfheidhmithe na dteanga.

(*Nóta:* Is é úsáid ardfheidhmithe ná feidhm a bhaint amach as an teanga trí obair chruthaíoch a bhfuil ceangail ghníomhach ag leibhéal tábhachtach ag an dalta leis an teanga.
Le linn an phróisis seo bíonn an teanga in úsáid ag an dalta mar uirlis chruthaíoch le smaoineamh pearsanta a bhfuil luach pearsanta an duine leis.
(Eiseamláirí: Obair a chur i láthair mar chuid de chomórtas, díospóireacht idir ranganna, obair idirlíne a bheas a léamh ag duine a chuireann an páiste tábhacht leo.)

2. **Dea-shampla**

- Tá nath a deir 'is fearr taispeáint ná insint' Déantar seo fríd áit cheart agus fíor a thabhairt don teanga
    - ag úsáid ainmneacha agus sloinntí Gaeilge na bpáistí,
    - ag plé logainmneacha áitiúla,
    - ag úsáid d'ainm féin,
    - ag ceangail na Gaeilge agus an Ghaelscolaíocht le scothoideachas agus rath insan saol.

3. **Eolas.**

Eolas ar theangacha eile agus ar thábhacht éagsúlachta,
stair na dtíorthaí Gaelacha,
scéaltaí seanchais,
saol nua-aimseartha a thaispeáint fríd mheán na teanga.
ceisteanna crua a phlé faoin teanga agus cén fáth nach bhfuil sí ann

Ról an mhúinteora

1. Líofacht a thabhairt
2. Dea-shampla a thabhairt
3. Eolas a thabhairt agus fios a spreagadh!

Buntáistí na scéime seo. Cha mbíonn tuilleadh oibre le déanamh ag an fhoireann. Spreagann sé 'foghlaim ard-fheidhmeach' an fhoghlaim is fearr atá ann (Jim Cummins)
Spreagann sé comhrá dhúshlánach; forbairt tréadchúraim; léitheoireacht; litearthacht, líofacht, stair, tíreolaíocht, foghlaim i leith comhthuisceana trasphobail.
Nuair a bhíonn múinteoir ag pleanáil téama, smaoinigh ar na dóigheanna chun eolas feasachta a thabhairt.

<u>Sampla de théama ag dul fríd an scoil</u>
Mé Féin agus m'ainm, cad as a dtáinig sé, cén fáth a roghnaíodh é,
Ainmneacha an teaghlaigh agus sloinne an teaghlaigh, cad as a dtáinig siad,
Ainmneacha sa rang.
Stair phearsanta Cárbh as a tháinig mo ainm, cén fáth ar roghnaíodh é
Stair Ciall an ainm, caidé an ciall leis
Stair Ainmneacha Gaelacha. Sloinntí Mac ó Ní carb as iad. Cé. Sloinntí eile carb as iad.

Stair D'ainm mar chomhartha. Gaeilge agus Béarla féiniúlacht!.
Tionscadail logainmneacha, léarscáil áitiúil, carb as a tháinig siad, cén fáth nach bhfuil sloinntí agus logainmneacha ann i nGaeilge anois.
Stair na scoile Cén fáth gur cuireadh tús léi, cén fáth gur roghnaíodh an t-ainm sin, cén fáth gur roghnaíodh Pobal an Chaistil